Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Fís straitéiseach maidir le haistriú fuinnimh a chuirfidh ar chumas an Aontais uathriail straitéiseach a bhaint amach

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/15)

Rapóirtéir: **Thomas KATTNIG**
Lutz RIBBE
Tomasz Andrzej WRÓBLEWSKI

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	4.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	197/9/12

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. I ndeireadh 2021, is cinneadh a rinne CESE fís chuimsitheach a fhorbairt le haghaidh an aistrithe fuinnimh. An 18 Eanáir 2022, is cinneadh a rinne CESE gur cheart tuairimí féintionscnaimh maidir le gnéithe éagsúla den aistriú fuinnimh a áireamh i ngach uile roinn, agus in CCMI chomh maith, i dtuairim uileghabhálach maidir le *Fís straitéiseach le haghaidh an aistrithe fuinnimh chun forbairt inbhuanaithe a chumasú.*

Mar sin féin, tar éis ionradh míleata Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, cuireadh an t-aistriú fuinnimh go barr an liosta tosaíochtaí, ós amhlaidh nach raibh oiread tionchair ag rud ar bith riamh ar sholáthar fuinnimh ná ar phraghsanna fuinnimh an Aontais.

I bhfianaise na géarchéime atá ann faoi láthair agus an chuspóra le deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar ghás na Rúise faoi 2030 san áireamh, léiríonn an tuairim seo ó CESE fís chuimsitheach le haghaidh an aistrithe fuinnimh chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais i réimse an fhuinnimh a mhéadú agus a chur chun cinn.

D'fhonn fís straitéiseach fhadtéarmach a fhorbairt, tá achoimre sa chreat-tuairim seo ar na nithe seo a leanas:

— conclúidí agus moltaí ó thuairimí féintionscnaimh na hearnála ([1]);

— conclúidí ó na tuairimí maidir le REPowerEU agus maidir le plean REPowerEU agus na tograí reachtacha atá ag teacht aníos;

— agus conclúidí agus moltaí ó na tuairimí a d'eisigh CESE cheana.

1.2. Tá aird á tarraingt ag CESE ar an riosca a bhaineann le héifeachtaí comhcheangailte eacnamaíocha agus sóisialta na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair, géarchéim atá ag cur an chórais dhaonlathaigh faoi bhrú mura mbeidh réitigh leormhaithe ann uirthi. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE le bearta a chur chun feidhme láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is práinní, go háirithe chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú ar chostas atá "chomh inacmhainne agus is féidir" don tomhaltóir agus d'earnáil na tionsclaíochta araon ós rud é go ndéanann na méaduithe móra ar phraghsanna difear dóibh.

([1]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 67, IO C 486, 21.12.2022, lch. 88, IO C 486, 21.12.2022, lch. 53; OJ C 486, 21.12.2022, lch. 1IO C 486, 21.12.2022, lch. 59, IO C 486, 21.12.2022, lch. 23, IO C 486, 21.12.2022, lch. 198

1.3. Tá an t-athrú aeráide ag dul in olcas agus i bhfoilse san Eoraip bliain i ndiaidh a chéile. Ar a mhuin sin, an ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair, géarchéim ar measaide í ionradh agus ionsaí na Rúise ar an Úcráin, léiríonn sí go bunúsach go bhfuil ciall leis na spriocanna agus na bearta a mholtar faoin "Aontas Fuinnimh Eorpach" agus faoin gComhaontú Glas araon, ach léiríonn sí nach bhfuil siad uaillmhianach a ndóthain. Ní leor na bearta sin go fóill chun an Eoraip a chur i dtreo "uathriail straitéiseach fuinnimh" a bheadh slán iomaíoch inbhuanaithe. Thar aon ní eile, tá an-easpa phráinne sa chur chuige. Tá gá le haistriú paraidíme ina leith sin.

1.4. Ní mór an acmhainn atá ag an Eoraip i réimse an fhuinnimh inathnuaite a shainaithint go cruinn, agus ní mór an acmhainn sin a fhógairt do chách d'fhonn tuiscint a chur chun cinn faoin neamhspleáchas mór ar allmhairí fuinnimh is féidir a bhaint amach. Thar aon ní eile, ní mór leictriú na n-earnálacha teasa agus iompair agus an gá atá le hidrigin ghlas a tháirgtear sa bhaile a chur san áireamh.

1.5. Chomh maith le leas a bhaint as na acmhainní sin a thúisce is féidir, ní mór leas níos iomláine a bhaint as an acmhainn coigilte fuinnimh. Faoi mar atá i láthair na huaire, is í coigilt an fhuinnimh is fearr a chinnteoidh toradh ar an obair láithreach bonn.

1.6. San am céanna, beidh gá le bearta gearrthéarmacha agus bearta meántéarmacha, b'fhéidir, chun an soláthar fuinnimh ón Rúis atá á cheilt orainn a chúiteamh. Beart amháin den sórt sin is ea allmhairí GNL. Measann CESE, áfach, gur tábhachtach an rud nach gcruthódh sin spleáchas nua ar bhreoslaí iontaise go fadtéarmach. Sin rud nach mór a chur san áireamh i dtús na timthrialla infheistíochta. Ar an iomlán, ní hé aidhm atá ann malairt spleáchais a chothú, ach an leibhéal "uathriail straitéiseach" is airde is féidir a bhaint amach.

1.7. Ní hé amháin gur mór an dúshlán atá anseo go teicniúil, ach is rud é a bhfuil cúrsaí bonneagair i gceist leis. San am atá le teacht, beidh an táirgeadh fuinnimh i bhfad níos díláraithe ná mar a bhí go nuige seo. Cuirfidh sin deiseanna ar fáil freisin do chathracha eile agus do réigiúin agus do pháirtithe leasmhara nua eile, e.g. MFBManna, sin agus don tomhaltóir-táirgeoir aonair agus do thomhaltóir-táirgeoir pobail. Creideann CESE nach bhfuil táscairí soiléire ná bearta soiléire curtha ar fáil ag lucht déanta na gcinntí polaitiúla maidir leis an gcaoi ar féidir le dreamanna nach mbíodh ach ag caitheamh fuinnimh go dtí seo ról nua a tharraingt chucu féin. Is iomaí tuairim dá chuid a bhfuil sé ráite ag CESE ann gur réamhriachtanas bunúsach atá sa ghlacadh chun claochlú tapa a áirithiú. Cearta rannpháirtíochta agus deiseanna rannpháirtíochta, sin iad na bealaí is fearr chun an glacadh sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil ceist ann maidir leis an áit a dtáirgtear fuinneamh agus céard is foinse dó, ach ceist eile an bhfuil cead airgead a thuilleamh ón obair sin nó nach bhfuil. Tá CESE ag iarraidh bearta leitheadacha spriocdhírithe faisnéise arís, mar aon le múscailt feasachta, rudaí a chuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit ar fáil ar bhealach comhordaithe agus comhlántach, i bpáirt le heagraíochtaí gnó agus le comhlachais trádála, le comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile ([2]).

1.8. Is éard atá CESE a dhéanamh ag athdhearbhú na tuairime a chuir sé in iúl cheana: ní hamháin nach mór cistí comhtháthaithe sóisialta agus réigiúnacha agus cúnamh atógála a úsáid ar bhealach a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú fuinnimh, ach ní mór beartas aeráide agus fuinnimh a cheapadh freisin chun comhtháthú sóisialta agus réigiúnach a chur chun cinn.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá aird á tarraingt ag CESE ar an riosca a bhaineann le héifeachtaí comhcheangailte eacnamaíocha agus sóisialta na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair, géarchéim atá ag cur an chórais dhaonlathaigh faoi bhrú mura mbeidh réitigh leormhaithe ann uirthi. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE le bearta a chur chun feidhme láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is práinní, go háirithe chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú ar chostas atá "chomh inacmhainne agus is féidir" don tomhaltóir agus d'earnáil na tionsclaíochta araon ós rud é go ndéanann na méaduithe móra ar phraghsanna difear dóibh.

2.2. Tá iarmhairtí na géarchéime aeráide ag goilliúint go mór ar an Eoraip agus ar an domhan ar fad. Athdhearbhaíonn CESE go dtacaíonn sé go láidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú Glas, le neamhspleáchas straitéiseach i soláthar fuinnimh a threisiú agus leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh na haeráide de. De dheasca an "chogaidh fuinnimh" a thionscain an Rúis, is ríléir gur gá brostú agus práinn a chur leis an gclaochlú atá tionscanta ag an gComhaontú Glas. Feidhmíonn REPowerEU agus tionscnaimh eile atá moladh ag an gCoimisiún chun an Comhaontú Glas a oiriúnú dá réir, ach níl siad uaillmhianach a ndóthain fós.

([2]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 1.

2.3. Ní mór an ghné shóisialta a chur san áireamh in aon bhearta a bheidh á bpleanáil mar chuid den aistriú fuinnimh. Ar thaobh amháin den scéal, tá gá leis sin ionas nach gcuirfear dea-mhéin an phobail i mbaol fad a bhaineann leis na hathruithe is gá ionas gur féidir aistriú cóir a áirithiú. Ar an taobh eile de, fágfaidh an claochlú sin go mbeifear i riocht forbairtí dearfacha a chur ar an ngeilleagar réigiúnach, forbairtí lena n-áirítear poist nua ([3]), rud a chuirfidh an glacadh chun cinn. Ina ionadaí dó ar an tsochaí shibhialta, is minic a chuir CESE treoir ar fáil maidir leis an gcaoi ar cheart do thoscairí ón bpobal a bheith rannpháirteach ann ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as an gclaochlú cóir. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, rinneadh neamhaird díobh seo den chuid is mó. B'fhéidir go sé níos deacra dá bharr sin glacadh a fháil.

2.4. Creideann CESE nach mór iomaíochas gheilleagar na hEorpa a chosaint, go háirithe an earnáil thionsclaíoch agus MFBManna mar thiomántóirí na nuálaíochta inbhuanaithe, agus creideann sé gur féidir an t-iomaíochas sin a chosaint. Coincheapa cliste maidir le húsáid fuinnimh – stáisiúin chumhachta fhíorúla, mar shampla – is coincheapa iad a chuireann deiseanna fáis nach beag ar fáil do chuideachtaí beaga. Ós rud é gur cuid riachtanach den réiteach le haghaidh geilleagar iomaíoch ciorclach cuimsitheach san Aontas Eorpach iad na MFBManna, ní mór na dálaí cearta a chruthú agus a choinneáil ar bun trí bhíthin tacaíocht den chineál spriocdhírithe, sin agus trí bhíthin coinníollacha creata. Tá gá leis sin chun fás eacnamaíoch agus poist ardcháilíochta a dhaingniú agus a chruthú.

2.5. Cé go bhfuil an tAontas ar thús cadhnaíochta i laghdú na n-astaíochtaí CO_2, ní mór do ghníomhaithe eile a bheith rannpháirteach sa ghníomhú ar son na haeráide. Ní mór don Aontas Eorpach dlús a chur lena chuid iarrachtaí taidhleoireachta, agus tabhairt faoi chineálacha nua comhair agus uirlisí, comhar agus comhaontuithe trádála, mar shampla, lena chur ina luí ar thríú tíortha gur mithid dóibh dua a chur orthu féin in aghaidh na géarchéime seo. San am céanna, ní mór dioscúrsa a bheith ag an Aontas maidir le haistriú na slabhraí soláthair tionsclaíocha ar ais go dtí an Eoraip d'fhonn spleáchas ar na soláthróirí Síneacha a laghdú – mar shampla in earnáil an mhodúil fhótavoltaigh agus na gceallraí – agus san am céanna slabhra soláthair atá iomlán inbhuanaithe a ráthú, lena n-áirítear i dtéarmaí beartais shóisialta agus urraim do chearta an duine.

2.6. Mar gheall ar an ngéarchéim atá i bpraghsanna fuinnimh faoi láthair, sin agus an easpa chinnteachta, an easpa chobhsaíochta agus an easpa intuarthachta atá ag roinnt leis an soláthar, tá brú ollmhór á chur ar an Aontas Eorpach. Ní bheadh an ghéarchéim chomh dona céanna dá ndéantaí gníomhaíocht níba spriocdhírithe níba thúisce, agus dá gcuirtí an bhéim chuí ar chuspóirí an Aontais féin (cuspóirí an Aontais Fuinnimh Eorpaigh, cuir i gcás). Is díol sásaimh do CESE na bearta a moladh sa Teachtaireacht ó REPowerEU agus i bplean REPowerEU chun dlús a chur le táirgeadh an fhuinnimh ghlais, le héagsúlacht a chur sa soláthar, agus leis an éileamh ar ghás na Rúise a laghdú, ós rud é go bhfuil na réitigh a chuir siad i gcás i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus an Aontais Fuinnimh Eorpaigh. Is éard is dóigh leis an gCoiste nár cheart gur cheist maidir le héagsúlacht an spleáchais a bheadh ansin go príomha a mhéid is féidir, ach ceist maidir leis an "neamhspleáchas straitéiseach agus an neamhspleáchas fuinnimh". Maidir le hacmhainní eile a chur in ionad ghás na Rúise, tá CESE ag foláireamh nach mór don Aontas aird ar leith a thabhairt ar thionchar na n-acmhainní úd ar an gcomhshaol, sin agus ar an spleáchas nua ar thríú tíortha nach iad luachanna na hEorpa is luach dóibh féin.

2.7. Is rud é ba léir ar staid na margaí fuinnimh i mí Lúnasa 2022 nach bhfuil foinse fuinnimh ar bith ann feasta a bhíonn 100 % iontaofa an t-am ar fad. Mar shampla, ar feadh míonna fada i ndiaidh a chéile, bhí líon mór de stáisiúin núicléacha na Fraince gan ceangal leis an ngréasán aibhléise. Is cúrsaí cothabhála ba chúis leis sin, mar aon le tionchar an athraithe aeráide, sin agus nithe nach iad. Ní hamháin go raibh tionchar an-mhór ag giniúint na haibhléise de ghual ar an ngéarchéim aeráide, ach is rud é féin atá faoi thionchar na haeráide go díreach: mar gheall ar na leibhéil ísle uisce in abhainn na Réine le linn an triomaigh, ní féidir soláthar uisce a choinneail leis na stáisiúin ghinte dar breosla gual i láthair na huaire. Ar chúiseanna eile den chineál céanna, níl cúrsaí hidreachumhachta chomh cobhsaí feasta agus a bhíodh ach oiread, faoi mar is léir i gcás na hIodála, mar shampla. Ar a mhuin sin, ní hamháin go ndéanann an gás nádúrtha dochar don aeráid, bíodh sé á iompar ina ghás nó ina leacht, ach tá rioscaí ollmhóra geopholaitiúla ag gabháil leis freisin. Is é sin le rá, sa mheascán fuinnimh éagsúlaithe agus daingnithe a bhfuil na Ballstáit uile dírithe air faoi láthair, is foinsí straitéiseacha inmharthana iad fuinneamh na gaoithe agus fuinneamh na gréine ag féachaint dúinn ar bheartas fuinnimh an Aontais san am atá romhainn. Chun an luaineacht atá sa dá fhoinse fuinnimh sin a chúiteamh, beidh gá ar an gcéad dul síos le saoráidí stórála agus, ar an dara dul síos, le hidrigin ghlas, inar féidir cumhacht na gaoithe agus na gréine a "stóráil" go fadtéarmach. Is í an cheist chinniúnach maidir le neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa an méid hidrigine glaise is féidir a tháirgeadh san Eoraip féin agus an méid de is gá a allmhairiú. Chomh maith leis sin, nuair a bheidh an claochlú ag tarlú, tabharfaimid aird ar an bhfoinse is iontaofa agus is éifeachtúla ó thaobh na haeráide de.

2.8. Léiríonn an dul chun cinn a rinneadh le blianta fada anuas, go háirithe an méid atá ag tarlú le déanaí, an baol a bhaineann le cibear-ionsaithe agus gníomhartha sabaitéireachta ar bhonneagair chriticiúla mar an eangach fuinnimh nó na gléasraí cumhachta. Má chliseann ar na bonneagair sin nó má chuirtear isteach orthu, d'fhéadfadh sé go mbeadh ganntanas soláthair tubaisteach ann agus go gcuirfí slándáil an phobail i mbaol. D'fhéadfadh bonneagar criticiúil mar eangacha gáis

([3]) IO C 367, 10.10.2018, lch 1.

agus leictreachais, cáblaí idirlín i ndomhain na farraige, suiteálacha amach ón gcósta, nó feirmeacha gaoithe ar tír agus críochfoirt GNL, stáisiúin chumhachta guail nó núicléacha, modhanna iompair agus trácht, seirbhísí sláinte, cúrsaí airgeadais agus an tslándáil a bheith ina sprioc le cibirionsaí nó ionsaí fisiciúil a dhéanamh orthu. Is é leas gach uile dhuine san Eoraip a bheadh ann an bonneagar criticiúil sin a chosaint ar bhealach ní b'fhearr. Ní mór don Aontas a bheith níos ullmhaithe i gcoinne ionsaithe den chineál sin. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí meastóireacht chriticiúil láithreach bonn ar na bearta uile a rinneadh go dtí seo, agus tá sé ag iarraidh go mbeadh straitéis chuimsitheach ann chun an tAontas a chosaint ar bhagairtí mar thubaistí nádúrtha, ionsaithe fisiciúla agus cibirionsaithe. Sa chomhthéacs sin, is éard a mholann CESE gur i gcomhréir le beartas slándála an Aontais a dhéanfaí gach infheistíocht choigríche in earnálacha straitéiseacha san Aontas.

2.9. Is díol sásaimh do CESE Ciste Sóisialta Aeráide a bheith curtha ar bun ([4]). Mar sin féin, tá imní ar CESE nach gcuirfidh an Ciste tacaíocht airgeadais leordhóthanach ar fáil chun aghaidh a thabhairt go freagrach ar éifeachtaí socheacnamaíocha. Mar gheall ar an dúshlán ollmhór a bhaineann le sásra cúitimh éifeachtach cóir a dhearadh i limistéar eacnamaíoch ilchineálach ina bhfuil 27 mBallstát, tá gá le bearta tionlacain níos forleitheadaí agus acmhainní ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

2.10. Is léir ón méadú ollmhór atá tagtha ar phraghsanna fuinnimh nach bhfuil margadh fuinnimh an lae inniu ach leath-inbhuanaithe. Ag tagairt di don phraghsáil trasteorann costasbhunaithe ar mhalartuithe leictreachais san Eoraip, is éard a dúirt Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen í féin go gclisfeadh ar an gcóras sin dá leanfadh an méadú atá ag teacht ar an leictreachas glas. Tá ceisteanna bunúsacha le cur faoi thodhchaí an fhuinnimh chun soláthar fuinnimh a chinntiú, soláthar a bheidh glan inacmhainne iontaofa, sin agus le ceart an fhuinnimh a chinntiú chomh maith. Creideann CESE nach mór an bealach ina ndéantar an margadh fuinnimh a dhearadh agus a rialáil a chur in oiriúint don saol atá ann anois, is é sin saol na mórfhorinsí fuinnimh in-athnuaite. San am céanna ní mór na dálaí riachtanacha a chruthú don earnáil tionsclaíochta agus do MFBManna, sin agus do ghníomhaithe aonair, chomh maith le deiseanna nua rannpháirtíochta a chruthú don tomhaltóir, do chumainn fuinnimh na saoránach, etc., mar aon leis an gcosaint iomchuí don tomhaltóir a neartú. Nuair atá an margadh á athdhearadh, ní mór aird ar leith a thabhairt ar bhacainní struchtúracha atá ann cheana ar rochtain ar an margadh do rannpháirtithe beaga sa mhargadh a chur ar ceal. Tá feidhm aige sin, mar shampla, i gcás rochtain ar fhuinneamh an chothromaithe agus, más gá, ar mhargaí acmhainní, rud a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú.

2.11. Chun a áirithiú go mbeidh praghsanna fuinnimh inghlactha go sóisialta agus iad iomaíoch arís nuair atá an bealach á réiteach do cheannaireacht leanúnach an Aontais maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí nósanna imeachta údarúcháin i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú agus a thapú, ós rud é go meastar gurb iad na nósanna imeachta sin an bac is mó ar úsáid níos tapúla a bhaint as foinsí inathnuaite fuinnimh. San am céanna, ní mór feabhas mór a chur ar na creatchoinníollacha atá ann le haghaidh na mbeart díláraithe, le haghaidh na gcomharchumann fuinnimh, agus le haghaidh gach cineál promhaltóireachta.

2.12. Tacaíonn CESE go láidir leis an togra ón gCoimisiún maidir le stóráil gáis agus le rialachán maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú. Tá sé ag iarraidh ar na hinstitiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

— sin a chomhlánú le hionstraim le haghaidh infheistíocht ghearrthéarmach chun tacú le bonneagar hidrigine-chumasaithe a fhorbairt, idirnascairí agus saoráidí stórála, mar shampla;

— féachaint an bhféadfaí saoráidí stórála gáis a úsáid i dtríú tíortha na comharsanachta;

— pleananna a cheapadh le haghaidh na mBallstát aonair chun comhroinnt neamhchothrom na ndualgas a sheachaint ar leibhéal na réigiún.

2.13. Tá CESE á chur in iúl go bhfuil fadhbanna ag baint le forbairt bonneagair láraithe agus forbairt bonneagair díláraithe in aon am amháin agus dar leis gur baol go ndéanfaí mí-infheistíocht ann. Mar shampla, is iomaí úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as gréasán píblíne hidrigine go náisiúnta, agus as forleathnú na líonraí fuaraithe cathrach, agus tá na húsáidí sin san iomaíocht le chéile. Dá bhrí sin, is éard a bhí CESE a iarraidh go ndéanfaí gur ar mhaithe le slándáil infheistíochta a dhéanfaí na cinntí bunúsacha iomchuí ([5]).

([4]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 158.
([5]) Féach IO C 429, 11.12.2020, lch. 85.

3. **An t-aistriú fuinnimh mar straitéis uileghabhálach i gcomhthéacs an Aontais agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta**

3.1. Tá géarchéim gheopholaitiúil dhomhanda ann de dheasca ionsaí na Rúise, rud atá ag imirt tionchair ainmheasartha ar an gcothromaíocht eacnamaíochta agus ar chinnteacht an tsoláthair fuinnimh ar fud na cruinne. Ós amhlaidh atá, is ceist mhór an raibh ciall le fada anuas leis na beartais fuinnimh, na beartais chosanta agus na beartais caidrimh sheachtraigh a bhí ann. Dá bhrí sin, beidh ar an Aontas athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid phleananna agus ar a chuid gníomhaíochtaí don chlaochlú digiteach glas, dhá rud nach raibh leath a ndóthain práinne leo fós, agus caithfidh sé machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheidh ag ionradh na Rúise agus ag na smachtbhannaí a forchuireadh uirthi ar an aistriú fuinnimh atá ag tarlú go hidirnáisiúnta.

3.2. An spleáchas ar fhuinneamh príomhúil ó thríú tíortha, is bagairt dhíreach do shlándáil agus do chobhsaíocht an Aontais atá ann. Sin é an fáth ar mhol an Coimisiún Eorpach sraith beart a ghlacadh go pras, bearta a dhéanfadh beartas fuinnimh na hEorpa a oiriúnú don staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair faoi RePowerEU. Faoin togra le haghaidh Rialacháin maidir le cinnteacht an tsoláthair gáis agus coinníollacha i dtaca le rochtain ar líonraí tarchurtha gáis nádúrtha, tá stóráil an ghais á athrangú sa bhonneagar fuinnimh criticiúil. Forchuireann sé an deimhniú éigeantach ar oibreoirí saoráidí stórála gáis agus ar spriocanna líonta stórála gáis chun cabhrú leis an Aontas smacht a fháil ar an margadh fuinnimh arís. Is díol sásaimh do CESE na bearta sin ar fad, agus ba dhóigh gur chúnamh a bheidh iontu don Aontas le smacht a fháil ar an margadh fuinnimh arís.

3.3. San am céanna, áfach, i bhfianaise an teannais pholaitiúil atá ann faoi láthair, measann CESE gur gá comhoibriú níos gníomhaí fós le roinnt tíortha atá in ann fuinneamh a sholáthar don Eoraip go gearrthéarmach nó go dtaga an méadú ollmhór ar fhuinneamh in-athnuaite atá beartaithe ag an gCoimisiún i bhfeidhm. Tá na Stáit Aontaithe ar cheann de na tíortha sin, faoi mar atá tíortha eile i Meiriceá Theas agus san Afraic – ar leibhéil éagsúla. I láthair na huaire, tá gá ag an Aontas leis na onnmhairí breoslaí iontaise atá ag na tíortha sin. Ní mór aistriú eolais agus forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur leis na honnmhairí sin, áfach, chun dlús a chur leis an maolú ar an athrú aeráide sna háiteanna sin chomh maith.

4. **Timpeallacht an chumasaithe a chruthú le haghaidh an aistrithe fuinnimh**

4.1. *Infheistíocht phoiblí*

4.1.1. Chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas agus chun cuspóirí aeráide a bhaint amach, ní mór an infheistíocht sa ghréasán leictreachais a dhúbailt go EUR 55 bhilliún in aghaidh na bliana agus í a mhéadú go EUR 75 bhilliún in aghaidh na bliana d'acmhainneacht ghiniúna an fhuinnimh ghlain ([6]). Sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach ag an infheistíocht phoiblí i gcórais chliste agus in-athnuaite fuinnimh, mar aon le bonneagar stórála, chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, chun praghsanna inacmhainne a choinneáil agus poist ardcháilíochta a chruthú.

4.1.2. Molann CESE an "riail óir" arís le haghaidh infheistíochtaí poiblí, rud a glacadh i dtuairim ECO/569 ([7]), ar choinníoll nach gcuirfear an chobhsaíocht fhioscach mheántéarmach ná luach an euro i mbaol, chun an táirgiúlacht agus an bonn sóisialta agus éiceolaíoch a choimirciú ar mhaithe lenár sliocht agus le sliocht ár sleachta.

4.1.3. Ní rogha é an maoiniú cumaiscthe ina bhfuil infheisteoirí príobháideacha páirteach ach amháin má áirithítear go bhfuil na leithdháiltí trédhearcach, nach bhfuil aon chlásail rúndachta ann agus nach mbeidh aon chostas gan údar maith ar na húdaráis phoiblí i gcomparáid le maoiniú poiblí. Ní mór trédhearcacht iomlán a bheith ann i dtaca le costais bhreise a bhfuil údar maith leo. Dá bhrí sin, is éard is tábhachtaí go ndéanfaí na cearta agus na hoibleagáidí a shainiú go soiléir sna samhlacha maoiniúcháin measctha sin, go ndéanfaí saincheisteanna dliteanais a shoiléiriú, agus go gcuirfí córas éifeachtúil tapa ar fáil chun coinbhleachtaí a réiteach d'fhonn costais bhreise fhadtéarmacha agus saincheisteanna dliteanais neamhfhabhracha a sheachaint.

4.1.4. Maidir le córais agus bonneagair fuinnimh a dhearadh amach anseo, tá béim leagtha arís agus arís eile ag CESE ar an ngá atá ann go mbeidh gach tomhaltóir – teaghlaigh, gnólachtaí agus pobail fuinnimh – rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt córas cliste fuinnimh, chomh maith leis an ngá atá ann dreasachtaí a chur ar fáil don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach san aistriú fuinnimh. An ról atá ag daoine aonair agus feirmeoirí, cathracha agus fiontair bheaga agus

([6]) Ag sin conclúid Eurelectric, is é sin cónaidhm na hearnála leictreachais.
([7]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 50.

mheánmhéide, sin agus ag cumainn fuinnimh na saoránach i maoiniú na mbeart, is léir gur tábhachtaí go mór an ról sin ná a síleadh. Tá CESE á chur in iúl, mar shampla, nach iad na soláthraithe móra fuinnimh a thóg os cionn ná 90 % den acmhainn shuiteáilte atá sa Ghearmáin. Níl aon straitéis ann chun leas a bhaint as an acmhainneacht agus as an ullmhacht sin ainneoin iad a bheith ann go soiléir.

4.1.5. I ndlí fuinnimh na hEorpa, ní aithnítear cosaint an chomhshaoil mar chuspóir de chuid na rialála líonra. Mar thoradh air sin, is deacair do na rialtóirí náisiúnta freisin dreasachtaí a fhorbairt do chlaochlú, do mhéadú agus do nuachóiriú na ngréasán dáilte leictreachais a chomhlíonann riachtanais na neodrachta aeráide. Dá bhrí sin, ba cheart neodracht na haeráide a lua go sainráite sa dlí fuinnimh Eorpach ar cheann de spriocanna rialáil an ghréasáin fuinnimh.

4.1.6. Tá sé á chur in iúl ag an gCoimisiún, faoi mar is ceart, go gcaithfidh an infheistíocht phoiblí infheistíocht phríobháideach a spreagadh agus gur gá é a spreagadh. Mar sin féin, ní chumhdaíonn REPowerEU athmhaoiniú na gcistí poiblí. Deireadh a chur leis na fóirdheontais ar acmhainní iontaise, sin bealach amháin leis sin a dhéanamh; cáin a ghearradh ar na brabúis ollmhóra amhantair atá ann de bharr na géarchéime móire ola agus gáis, rud ba thairbhe do na cuideachtaí móra ola, sin cur chuige féideartha eile is féidir a lua. Is údar imní do CESE éifeacht dhíchobhsaitheach chontúirteach a bheith á himirt ar an tsochaí de bharr ollbhrabús na gcuideachtaí fuinnimh ar thaobh amháin den scéal, agus de bharr an mhéadaithe atá tagtha ar an bochtaineacht fuinnimh de thoradh ar ardú na bpraghsanna fuinnimh ar an taobh eile de. Molann CESE go gcuirfí deireadh leis na brabúis sin le cabhair ó airgead cánacha agus go gcuirfí ar aghaidh iad mar chúiteamh airgeadais do thomhaltóirí fuinnimh, e.g. teaghlaigh atá ar an ngannchuid, nó cuideachtaí dianfhuinnimh, agus go n-úsáidfí iad chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar riachtanach a fhorbairt, go háirithe ós rud é seo atá á phlé nó á chur chun feidhme cheana féin i roinnt Ballstát. Tá CESE den tuairim gur cheart a mheas gur rud an-íogair atá i gcánachas den sórt sin ionas nach gcuirfear bac ar chuideachtaí fuinnimh más mian leo infheistíocht a dhéanamh i réitigh ísealcharbóin. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún bearta a mholadh dá réir sin gan a thuilleadh moille.

4.1.7. Ní mór an beartas soláthair a bheith ar aon dul leis an mbonneagar a chumasaíonn sreabhadh fóinteach leictreachais agus gáis i margadh na hEorpa agus lena n-áirithítear cobhsaíocht na n-eangach. Tá CESE lánchinnte gur cheart aird ar leith a thabhairt ar an sainmhíniú ar fhorbairt na heangaí mar leas poiblí sáraitheach, ar chosaint na haeráide a áireamh mar chuspóir rialála agus, ar bhonn níos ginearálta, ar shioncrónú níos fearr i bpleanáil an fhuinnimh inathnuaite agus na heangaí leictreachais. Tá géarghá le forálacha sonracha faoi dhlí an Aontais.

4.2. *An Ciste um Choigeartú don Athrú Aeráide*

4.2.1. Is é Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) an sásra reatha atá ag an Aontas chun freagairt do thubaistí nádúrtha. Mar sin féin, tá an damáiste ([8]) a rinneadh de bharr tubaistí nádúrtha a tharla le déanaí ag cur isteach ar bhuiséad bliantúil CDAE agus is gá méadú ollmhór a dhéanamh ar an mbuiséad sin. Tá níos mó tábhachta ag baint leis an gcistiú ón Aontas don aistriú chuig fuinneamh glas, ach ní chuirtear san áireamh ann a phráinní atá riachtanais reatha an Aontais maidir le neamhspleáchas fuinnimh ghlais.

4.2.2. Is éard is dóigh le CESE go bhfuil sásra maoiniúcháin nua de dhíth ar an Aontas Eorpach le tacaíocht mhór a chur ar fáil do na Ballstáit láithreach bonn i gcás éigeandálaí den sórt sin. Dá bhrí sin, molann CESE go gcruthófaí Sásra Coigeartaithe Aeráide nua. Ba cheart an cistiú sin a atreorú ó chistí de chuid an Aontais atá ann cheana, go háirithe ón Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), ach ba cheart é a bhainistiú ar bhealach cuíchóirithe comhleanúnach tríd an Sásra nua seo.

4.2.3. Nuair atá an timpeallacht chistiúcháin á tabhairt cothrom le dáta, d'fhéadfaí raon feidhme na gclár atá ann cheana a leitheadú, d'fhéadfaí na hacmhainní atá ann a mhéadú, agus d'fhéadfadh Next Generation EU a bheith ina shamhail i gcomhair ionstraim chistiúcháin nua. Tá sé á chur in iúl ag CESE go bhféadfadh gur ghá acmhainní nua a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ollmhóra atá os ár gcomhair. Mar sin féin, ní mór gach "acmhainn dhílis" nua a dhearadh go cothrom ionas nach gcuirfear ualach breise ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Ar a mhuin sin, ní ceart dóibh bac a chur ar an bhforbairt eacnamaíoch.

4.2.4. Is ríthábhachtach go mbeadh feidhmiú an Sásra Coigeartaithe Aeráide i gcomhreir le beartais uileghabhálacha an Aontais maidir leis an aeráid, leis an gcomhshaol agus leis an bhfuinneamh, beartais atá níos dírithe ar fhreagairtí gasta agus práinneacha, rud a laghdódh an spleáchas ar fhreagairtí éigeandála go fadtéarmach agus a dhéanfadh an cine daonna agus an dúlra a chosaint.

([8]) EUR 80 billiún sa Ghearmáin in 2021 – suim airgid atá as cuimse ar fad.

4.3. *Teicneolaíochtaí a chur chun cinn*

4.3.1. Tá an t-aistriú glas sa tionscal déantúsaíochta ag brath ar mheascán ceart cobhsaí leordhóthanach fuinnimh in-athnuaite a bheith ar fáil le haghaidh leictrithe agus le go n-éireoidh le táirgeadh hidrigine glaise. Tá teicneolaíochtaí stórála á bhforbairt agus tá leas á bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an digitiú go hiomlán. Dá bhrí sin, is mór an gá atá le taighde agus forbairt fós.

4.3.2. Ó thús an léirscaoilte, tá laghdú ag teacht ar fheidhmíocht infheistíochta na gcuideachtaí leictreachais. Tá sciar na hinfheistíochta poiblí i dtaighde agus i bhforbairt teicneolaíochtaí dícharbónaithe níos ísle san Aontas ná i ngach geilleagar mór eile, rud a chuirfidh iomaíochas an Aontais sna teicneolaíochtaí is tábhachtaí i mbaol san am atá romhainn. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún plean straitéiseach don infheistíocht a dhréachtú agus na Ballstáit a spreagadh chun leas a bhaint as na cistí go hoptamach agus go héifeachtúil chun fuinneamh glan a fhorbairt. Tá infheistíocht san eangach leictreachais faoina scáth sin chomh maith.

4.3.3. Beidh gá le claochlú mór ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha má táthar chun dícharbónú a dhéanamh (sna 30 bliain amach romhainn). Bíodh is go bhfuil neart teicneolaíochtaí ísealcharbóin ann cheana féin, is íseal dá gcuid leibhéal ullmhachta teicneolaí (TRLanna ([9])). Beidh treochláir teicneolaíochta uaillmhianacha de dhíth chun cur leis na teicneolaíochtaí ceannródaíocha sin agus chun iad a chur in úsáid go forleathan. Ní mór don Aontas an nuálaíocht a chur chun cinn trí na Cistí Aeráide agus Nuálaíochta.

4.3.4. Níl aon amhras ná go gcuirfidh an hidrigin ghlas le slándáil an chórais fuinnimh Eorpaigh amach anseo. Tagraíonn CESE don tuairim uaidh maidir leis an straitéis hidrigine ([10]) agus don tuairim uaidh maidir leis an straitéis maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh ([11]).

4.4. *Tacaíocht a thabhairt do MFBManna* ([12])

4.4.1. Maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (MFBManna), bídís ina ngnólachtaí traidisiúnta, ina ngnólachtaí teaghlaigh, ina dtrádálaithe, ina bhfiontair gheilleagair shóisialta, ina bhfiontair cheardaíochta nó ina ngairmeacha liobrálacha, is cuid ríthábhachtach iad den réiteach chun geilleagar AE atá iomaíoch, aeráidneodrach, ciorclach agus cuimsitheach a bhaint amach, ar choinníoll go gcruthaítear na dálaí cearta agus go gcoinnítear ar bun iad. Is tairbhe do na MFBManna feabhas a bheith ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil féin, agus is tairbhe dóibh saineolas agus réitigh a chur ar fáil do ghnólachtaí eile, don phobal i gcoitinne agus don earnáil phoiblí. An éagsúlacht atá sna MFBManna, sin agus na riachtanais éagsúla atá acu, sin dhá rud a adhmhaíonn CESE, agus dhá rud a chuireann sé i dtábhacht, ach san am céanna tá CESE ag iarraidh go datbharfaí aird ar leith ar na fiontair is lú agus is leochailí ina measc.

4.4.2. Dá bhrí sin, tá béim ag CESE ar an bpráinn atá le tacú leis an tuiscint atá ag na MFBManna ar an aistriú glas agus ar bhainistiú optamach an aistrithe ghlais. Tá CESE ag iarraidh bearta forleitheadacha spriocdhírithe faisnéise, agus bearta múscailte feasachta dá reir, bearta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit ar fáil ar bhealach comhordaithe comhlántach, i gcomhar le heagraíochtaí gnó, comhlachais trádála, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile. Os a choinne sin, ba cheart béim a chur dá réir ar an ról tábhachtach atá ag MFBManna sna teicneolaíochtaí nua agus sna réitigh nuálacha le haghaidh an athraithe ghlais i dtionscal an Aontais agus ba cheart é a chur san áireamh i maoiniú critéar inrochtaineachta na gclár.

4.4.3. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit dlús a chur le infheistíocht ghlas sna MFBManna trí thimpeallacht rialála chumasúcháin atá intuartha agus spreagúil a áirithiú, lena n-áirítear nósanna imeachta rianúla ceada agus lena ndéantar dualgais iomarcacha riaracháin a sheachaint, chomh maith le rochtain thapa, éasca, shimplí agus inrianaithe ar mhaoiniú a chur ar fáil, agus é oiriúnaithe do riachtanais éagsúla na ngrúpaí éagsúla uile MFBManna.

4.4.4. Chun éifeachtúlacht acmhainní MFBManna a fheabhsú, molann CESE "moil chiorclaíochta" (H4C) a bhunú i réigiúin éagsúla. Ba cheart go gcuirfeadh sin feabhas a chur ar an gcomhar idir cuideachtaí ar fud earnálacha agus forbairt cleachtas agus próiseas nua a éascú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a léiriú. Na critéir a bhaineann leis an aeráid, critéir shóisialta agus critéir cháilíochta nach iad, ba cheart a gcur san áireamh sna nósanna imeachta soláthair ar fud an Aontais. Cuireann sé sin nuálaíocht chun cinn i measc na MFBManna, agus éascaíonn sé an teacht atá acu ar chonarthaí poiblí. Ba cheart eagraíochtaí MFBM, comhlachais trádála, an saol acadúil, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith mar dhlúthchuid den phróiseas.

([9]) TRL: Is éard atá i leibhéil ullmhachta teicneolaí pointí éagsúla ar scála a úsáidtear chun dul chun cinn nó leibhéal aibíochta teicneolaíochta a thomhas.
([10]) IO C 123, 9.4.2021, lch. 30.
([11]) IO C 123, 9.4.2021, lch. 22.
([12]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 1.

4.4.5. Tá CESE ag iarraidh go mbeidh dlúthchomhar idir soláthraithe oideachais agus MFBManna maidir le hoiliúint a mhúnlú chun na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá san aistriú glas a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar na fostaithe agus na fiontraithe araon. Ina theannta sin, tá CESE ar son tacú le gníomhaíochtaí nuálaíochta do MFBManna trí chomhar le gnólachtaí eile, leis na heagraíochtaí atá ag gabháil leo, le comhlachais trádála, le hollscoileanna agus le heagraíochtaí taighde a dhreasú agus a éascú.

5. **Aistriú cothrom cuimsitheach a chur chun cinn go ginearálta**

5.1. *An t-aistriú cóir*

5.1.1. Is éard atá i gceist le "haistriú cóir" bearta agus idirghabhálacha beartais shóisialta a ghabhann leis an aistriú i dtreo geilleagar agus córas táirgthe atá inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de. Tá CESE á chur i bhfáth nach cúrsaí maoinithe amháin atá i gceist leis an aistriú cóir. Áirítear ann freisin na cuspóirí seo: cearta na n-oibrithe a chosaint, obair chuibhiúil, poist ardcháilíochta agus slándáil shóisialta a chruthú, an rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú (lena n-áirítear ar leibhéal na cuideachta), agus iomaíochas gnólachtaí Eorpacha a choinneáil ar bun agus a mhéadú tuilleadh, agus tá gá le gníomhaíocht shonrach ar gach leibhéal, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach.

5.1.2. Tá athrú ó bhonn aníos i ndán d'fhostaíocht na bpríomhearnálacha ar a bhfuil tionchar ar leith ag nuachóiriú an chomhshaoil agus an réabhlóid thionsclaíoch i dtreo Eoraip aeráidneodrach. Fágann na hathruithe sin gur sé ríthábhachtach díriú ar an athsciliú agus infheistíochtaí oideachais a dhéanamh i bpoist ghlasa ardcháilíochta. Sa chomhthéacs sin, is rud chomh hábhartha céanna eolas agus cearta oideachais atá cothrom le dáta a chur ar fáil le glacadh na mban i ngairmeacha teicniúla a chur chun cinn ar bhonn leanúnach.

5.1.3. D'fhéadfadh athruithe ollmhóra sa gheilleagar agus suaitheadh sóisialta a bheith ann de thoradh ar na bearta agus ar na céimeanna éagsúla den aistriú a leagtar amach sa phacáiste "Oiriúnach do 55". Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, nuair atá meastóireacht á déanamh aige ar na NECPanna, cur leis an aird atá á tabhairt ar cé chomh hoiriúnach agus atá na straitéisí maidir leis an aistriú cóir agus, go háirithe, ar cé chomh maith agus a saothraíodh na cuspóirí seo a leanas:

— é a éascú aistriú ó phost go chéile;

— tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a chaill a bpost mar thoradh ar an dícharbónú (ba cheart ar a laghad aon phost comhionann amháin a chur in ionad gach poist a chailltear);

— an poitéinseal eacnamaíoch réigiúnach a eascraíonn as foinsí in-athnuaite fuinnimh a chothú, agus as cineálacha nua rannpháirtíochta sa táirgeadh leictreachais;

— an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac go héifeachtach.

5.1.4. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh dlúthchomhar idir na soláthraithe oiliúna agus na gnólachtaí maidir le hoiliúint a dhearadh chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a sholáthar chun an geilleagar a chlaochlú go glas, lena n-áirítear trí uas-sciliú agus athoiliúint a chur ar oibrithe agus fiontraithe.

5.1.5. Faoi mar a cuireadh in iúl i dtuairmí eile roimhe seo ([13]), tá CESE den tuairim go daingean nach leor na hacmhainní don chomhtháthú sóisialta agus réigiúnach agus don téarnamh a chur ar fáil mar thacaíocht do chosaint na haeráide agus leis an aistriú fuinnimh, agur dar leis nach mór na beartais aeráide agus fuinnimh a mhúnlú ar bhealach a chuirfidh an comhtháthú sóisialta agus réigiúnach chun cinn. Is ann cheana do straitéisí den sórt sin, tionscadail chun stáisiúin chumhacht na gréine a thógáil ar sheanláithreáin mianadóireachta ligníte sa Phortaingéil agus sa Ghréig mar shampla, nó an tacaíocht straitéiseach mhór atá sa Liotuáin don choinceap "táirgeoir-tomhaltóir". Ach ní cleachtas ginearálta ná tionscadail choitianta atá sna samplaí sin.

5.2. *Infheistíocht phríobháideach a chumasú*

5.2.1. Tá cláir de dhíth ar na Ballstáit aonair chun acmhainní fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt ón mbun aníos, cláir atá riachtanach don chlaochlú fuinnimh, cláir a dhéanann an-difear do cháilíocht an fhuinnimh a bhítear a sholáthar agus, thar aon ní eile, do phraghsanna an fhuinnimh a bhítear a sholáthar. Mar thoradh ar an méadú ar phraghsanna fuinnimh (a thagann ó na gréasáin leictreachais náisiúnta), tá claonadh ann cheana féin freastal ar riachtanais fuinnimh na ngnólachtaí

([13]) Féach IO C 47, 11.2.2020, lch. 30 agus IO C 62, 15.2.2019, lch. 269.

go neamhspleách, gnólachtaí nach bhfuil de rogha acu ach an fuinneamh glas a úsáid. Tá go leor cuideachtaí ag infheistiú go dinimiciúil cheana féin i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus teasa dá gcuid féin. Ós saoire na foinsí sin, meallann siad cuideachtaí agus do phobail áitiúla a d'fhéadfadh an farasbarr fuinnimh a chuirtear isteach san eangach leictreachais a úsáid. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, tá forbairt de dhíth ar na córais in áiteanna go leor san Eoraip, agus níl siad ullamh faoi láthair chun glacadh le go leor suiteálacha nua. Ar a mhuin sin, is minic nach gá na hinfheistíochtaí príobháideacha sin a dhíriú ar riachtanais cuideachta aonair amháin – d'fhéadfaidís dul chun sochair do phobal na háite.

5.2.2. Forbairt earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, is cosúil go bhfuil fadhb ann de bharr méadú dinimiciúil ar chumhacht san earnáil thar thréimhse ama an-ghearr. Sin dúshlán mór do chórais chumhachta intíre na mBallstát, ainneoin infheistíochtaí suntasacha a bheith á ndéanamh chun an gréasán a nuachóiriú agus acmhainneacht tarchurtha na gcóras a mhéadú. Ní mór don Eoraip pobail fuinnimh a fhorbairt go haitiúil feasta mar a bhfuil ról ceannasach infheistíochta ag rialtais áitiúla. Is comharchumainn fuinnimh a thugtar orthu sin, comharchumainn a chuirtear ar bun i rannpháirtíocht le muintir na haite, comharchumainn ar minic maoiniú acu ó chistí infheistíochta áitiúla. Rannphairtíocht na sochaithe áitiúla sa chlaochlú fuinnimh ar an gcuma seo, is rud é a chinntíonn tacaíocht do na tionscnaimh sin, rud a íoslaghdaíonn an baol go mbeadh freasúra sóisialta ann in éadan suiteálacha giniúna cumhachta, suiteálacha dáileacháin nó tarchurtha i gcóngar na háite.

5.2.3. Ba cheart tionscnaimh den sórt sin a áireamh i rialacháin an Aontais a thúisce is féidir, agus ba cheart córas maoinithe stáit don chineál sin infheistíochta a bheith ina thaca acu. Sa chás seo, is ríthábhachtach línte meánvoltais agus ísealvoltais a chur i dtráchtáil san eangach chumhachta ionas gur féidir bonneagar na heangaí a thógáil freisin le rannpháirtíocht infheisteoirí príobháideacha. Léiríonn forbairt fhótavoltach na gcathracha an acmhainneacht mhór infheistíochta atá sa tsochaí agus sna bhfiontraithe araon. D'fhéadfaí fadhbanna infheistíochtaí den sórt a réiteach sa ghort seo ach an reachtaíocht chuí a bheith ann, agus d'fhéadfaí fadhb nasctha na n-infheistíochta sin leis an gcóras leictreachais a réiteach ar an gcaoi chéanna.

5.3. *Bochtaineacht fuinnimh*

5.3.1. Comhionannas rochtana ar fhuinneamh, mar aon le cinnteacht rochtana ar an soláthar fuinnimh ar chostas inacmhainne, sin dhá ní a chaithfidh an tAontas gona Bhallstáit a áirithiú gan teip ar an gcéad rud. Líon na saoránach atá faoi thionchar na bochtaineachta fuinnimh ar fud na hEorpa, agus líon na dtomhaltóirí san Aontas arb amhlaidh dóibh, is líon é a bhfuil fás air mar gheall ar an mbiorú atá ar phraghsanna fuinnimh. Iad siúd a raibh an bhochtaineacht fuinnimh ag bagairt orthu cheana féin, tá siad níos measa as anois, agus na tomhaltóirí nach raibh fadhb acu a gcuid billí fuinnimh a íoc roimhe seo, tá siadsan i mbaol na bochtaineachta chomh maith.

5.3.2. I bhfianaise a thábhachtaí atá an cheist sin, tá CESE ag tathant ar an Aontas cur chuige coiteann a chur chun cinn in éadan na bochtaineachta fuinnimh. Faoi láthair, tá cead ag gach Ballstát an téarma bochtaineacht fuinnimh a shainiú de réir critéir dá chuid féin. D'fhéadfadh freisin nach mbeadh ar chumas an Choimisiúin measúnú leormhaith a dhéanamh ar an scéal. Tharlódh fós nach mbeadh na Ballstáit ar aon tuiscint leis an Aontas faoin scéal D'fhágfadh sin go mbeadh dhá dhearcadh éagsúla ann ina leith. Is maith an tús an sainmhíniú dá bhforáiltear sa togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, sin agus na táscairí a bhí ann nuair a cuireadh an Fhaireachlann Eorpach um Bochtaineacht Fuinnimh (EPOV) ar bun tamall ó shin. I bhfianaise a phráinní atá an cheist sin, creideann CESE gur gá don Choimisiún agus do na Ballstáit cur chuige coiteann a chur chun cinn lena soláthrófaí comhthuiscint shonrach ar an rud is bochtaineacht fuinnimh ann, cur chuige a d'fhágfadh go bhféadfaí staitisticí a bhailiú.

5.3.3. Tá béim á cur ag CESE ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i soláthar fuinnimh atá cothrom agus éifeachtúil chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú go fadtéarmach. Ionas go bhféadfar é sin a bhaint amach, ba thábhachtach a áirithiú go dtacódh infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite agus san éifeachtúlacht fuinnimh, chomh maith le hathchóirithe cuimsitheacha foirgneamh, leis na grúpaí is ísle ioncam. Ní féidir leis na tomhaltóirí-táirgeoirí "uathriail straitéiseach" a ghnóthú dóibh féin, más go pearsanta é nó mar chuid de pobal, ar an mbealach is inbhuanaithe chun an bhochtaineacht fuinnimh a shárú, ach amháin má áirithíonn siad acmhainní la haghaidh na dteaghlach is laige ó thaobh airgeadais de chun infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh.

5.3.4. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn CESE an seasamh atá aige gur ríthábhachtach sochaí fuinnimh an dá shraith a chosc. Ní féidir glacadh le cás inar teaghlaigh a bhfuil acmhainn mhaith airgeadais agus teicneolaíochta acu a bhainfeadh tairbhe as an aistriú fuinnimh, agus iadsan amháin, agus go mbeadh ar gach teaghlach eile na costais a ghlanadh. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis na dreasachtaí agus leis na huirlisí chun an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chur chun feidhme chun cabhrú le custaiméirí agus le teaghlaigh leochaileacha, agus cuireann sé in iúl go bhféadfadh spriocanna uaillmhianacha maidir le téamh/fuarú ceantair drochthionchar a imirt ar dhálaí na tithíochta sóisialta. Is díol sásaimh do CESE, dá bhrí sin, an moladh an Ciste Aeráide Sóisialta a chruthú agus iarrann sé prionsabal an "aistrithe chóir" a chomhlíonadh ionas go gcuirfí san áireamh na dálaí difriúla atá sna Ballstáit go léir.

5.3.5. Ós rud é gur sa ghnáthbhochtaineacht ghinearálta atá fréamhacha na bochtaineachta fuinnimh, ba ríthábhachtach freisin go leanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit orthu ag díriú ar an mbochtaineacht a laghdú ina hiomláine. De dheasca na géarchéime seo, tá aird mhór ar an ngá atá le feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht agus ar an gcuimsiú sóisialta go leanúnach, chun caighdeán maireachtála leormhaith a áirithiú agus chun fás eacnamaíoch a chothú sna Ballstáit.

5.4. *Limistéir thuaithe*

5.4.1. Creideann CESE nach bhfuil an aird agus an tacaíocht a mbeadh súil leis tugtha do straitéis chomhcheangailte an aistrithe fuinnimh ná don digitiú sna ceantair thuaithe. Tá sé ag iarraidh go ndéanfaí fís fhadtéarmach an Choimisiúin do limistéir thuaithe an Aontais a chur chun feidhme go pras agus go ndéanfaí na geallsealbhóirí a spreagadh leis an gComhshocrú um an Tuath.

5.4.2. Tá sé tugtha le fios arís agus arís eile ag CESE go dtugann an t-aistriú fuinnimh (an t-aistriú ó shaoráidí táirgthe móra láraithe chuig struchtúir díláraithe) deiseanna maithe d'fhoinsí nua ioncaim agus do phoist nua sna ceantair thuaithe ([14]). Sa chás seo chomh maith, tá an-díomá ar an gCoiste i dtaobh na smaointe atá curtha chun cinn ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit chun cinn go nuige seo.

5.4.3. Ní mór ról na bpobal fuinnimh go háitiúil agus go réigiúnach a admháil le go bhféadfar aistriú cóir fuinnimh a bhaint amach, mar aon leis an bhforbairt pobail, trí phobail fuinnimh saoránach a bhunú agus a mhéadú, pobail ina mbeidh saoránaigh, údaráis áitiúla agus MFBManna ag teacht le chéile ar bhonn deonach chun sochair shóisialta agus eacnamaíocha a chur chun cinn.

5.4.4. Tá CESE den tuairim gur buncheanglas atá ann na teicneolaíochtaí digiteacha a chur in úsáid sna limistéir thuaithe chun tacú leis an aistriú fuinnimh. Ní mór córas fuinnimh na tuaithe a dhílárú, rud a chiallaíonn go bhfuil géarghá le hidirnascadh níos mó agus níos fearr. Sin rud a fhágann go bhfuil gá go n-úsáidfí teicneolaíochtaí digiteacha chun an soláthar agus an t-éileamh a mheaitseáil agus chun sruthanna éifeachtúla fuinnimh a áirithiú.

6. **Barúlacha sonracha**

6.1. Ach bonn tionsclaíoch fónta a choinneáil laistigh den Aontas, áiritheofar rathúnas, poist ardcháilíochta agus tiomantas don troid i gcoinne an athraithe aeráide do shochaí na hEorpa. Ní mór do thionscal na hEorpa infheistíocht a dhéanamh san Eoraip i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta, sin agus i ngléasraí agus i dtrealamh, má tá i ndán di fanacht ar thús cadhnaíochta. Chuige sin, tá gá leis an gcreat rialála cuí.

Is cuid an-mhór den gheilleagar atá i dtionscal an fhuinnimh. Gné ar leith den earnáil í a bheith ina luamhán lárnach le haghaidh earnálacha eacnamaíocha eile. Mar sin féin, tá gach gné den earnáil fuinnimh ina steiréitíopa ó thaobh inscne de, agus is iad fir a bhíonn i gceannas, rud a fhágann míchothromaíochtaí móra gairme idir na fir agus na mná san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon ([15]).

Molann CESE an méid seo a leanas:

— an reachtaíocht atá ann cheana maidir le comhionannas a neartú agus a fhorfheidhmiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

— cothrom na hiomaíochta a chruthú le haghaidh oiliúint i ngairmeacha a bhaineann le fuinneamh sna Ballstáit, sin agus ar an leibhéal Eorpach, mar aon le Coláiste Eorpach STEM a bhunú;

— comhionannas i margadh an tsaothair a áirithiú in earnáil an fhuinnimh trí dheiseanna a thabhairt i gceist le haghaidh na mban, agus san am céanna cosc a chur ar na haistrithe fuinnimh agus digiteacha a dhéanfadh aimhleas do ghairm agus do luach saothair na mban, agus trí idirphlé sóisialta agus comhaontuithe comhchoiteanna a fhorbairt i dtaobh le comhionannas sna cuideachtaí fuinnimh ar fud na hEorpa.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([14]) IO C 367, 10.10.2018, lch. 1 (níl leagan Gaeilge ann).
([15]) Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 5, 7 agus 8 de chuid na Náisiún Aontaithe, Joy Clancy, Ollscoil Twente, *Give women a chance: engendering the energy supply chain*.

IARSCRÍBHINN

I rith na díospóireachta, diúltaíodh do na leasuithe seo a leanas a raibh an ceathrú cuid ar a laghad de na vótaí arna gcaitheamh ar a shon:

Pointe 2.6

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
Mar gheall ar an ngéarchéim atá i bpraghsanna fuinnimh faoi láthair, sin agus an easpa chinnteachta, an easpa chobhsaíochta agus an easpa intuarthachta atá ag roinnt leis an soláthar, tá brú ollmhór á chur ar an Aontas Eorpach. Ní bheadh an ghéarchéim chomh dona céanna dá ndéantaí gníomhaíocht níba spriocdhírithe níba thúisce, agus dá gcuirtí an bhéim chuí ar chuspóirí an Aontais féin (cuspóirí an Aontais Fuinnimh Eorpaigh, cuir i gcás). Is díol sásaimh do CESE na bearta a moladh sa Teachtaireacht ó REPowerEU agus i bplean REPowerEU chun dlús a chur le táirgeadh an fhuinnimh ghlais, le héagsúlacht a chur sa soláthar, agus leis an éileamh ar ghás na Rúise a laghdú, ós rud é go bhfuil na réitigh a chuir siad i gcás i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus an Aontais Fuinnimh Eorpaigh. Is éard is dóigh leis an gCoiste ***nár*** cheart gur cheist maidir le h***éagsúlacht an spleáchais*** a bheadh ansin go príomha a mhéid is féidir, ***ach ceist maidir leis an*** "neamhspleáchas ***straitéiseach agus an neamhspleáchas fuinnimh***". Maidir le hacmhainní eile a chur in ionad ghás na Rúise, tá CESE ag foláireamh nach mór don Aontas aird ar leith a thabhairt ar thionchar na n-acmhainní úd ar an gcomhshaol, sin agus ar an spleáchas nua ar thríú tíortha nach iad luachanna na hEorpa is luach dóibh féin.	Mar gheall ar an ngéarchéim atá i bpraghsanna fuinnimh faoi láthair, sin agus an easpa chinnteachta, an easpa chobhsaíochta agus an easpa intuarthachta atá ag roinnt leis an soláthar, tá brú ollmhór á chur ar an Aontas Eorpach. Ní bheadh an ghéarchéim chomh dona céanna dá ndéantaí gníomhaíocht níba spriocdhírithe níba thúisce, agus dá gcuirtí an bhéim chuí ar chuspóirí an Aontais féin (cuspóirí an Aontais Fuinnimh Eorpaigh, cuir i gcás). Is díol sásaimh do CESE na bearta a moladh sa Teachtaireacht ó REPowerEU agus i bplean REPowerEU chun dlús a chur le táirgeadh an fhuinnimh ghlais, le héagsúlacht a chur sa soláthar, agus leis an éileamh ar ghás na Rúise a laghdú, ós rud é go bhfuil na réitigh a chuir siad i gcás i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus an Aontais Fuinnimh Eorpaigh..Is éard is dóigh leis an gCoiste ***gur*** cheart gur cheist maidir le h***acmhainní a éagsúlú agus a dírithiú*** a bheadh ansin go príomha, a mhéid is féidir, ***i gcomhair*** "neamhspleáchas ***agus uathriail straitéiseach oscailte fuinnimh***". Maidir le hacmhainní eile a chur in ionad ghás na Rúise, tá CESE ag foláireamh nach mór don Aontas aird ar leith a thabhairt ar thionchar na n-acmhainní úd ar an gcomhshaol, sin agus ar an spleáchas nua ar thríú tíortha nach iad luachanna na hEorpa is luach dóibh féin***. San am céanna, faoi mar atá an scéal i láthair na huaire, ní mór dúinn na foinsí fuinnimh uile atá ag obair dúinn a choinneáil, toisc nach é is baol dúinn feasta an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag malairt foinsí ar an gcomhshaol, ach an easpa fuinnimh agus cliseadh na cumhachta féin. Ní ceart acmhainn táirgthe fuinnimh a sholáthraíonn margadh fuinnimh na hEorpa faoi láthair a ligean amú***.

Toradh na vótála ar an leasú:

Ar son: 77

In aghaidh: 113

Staonadh: 14

Pointe 4.3.1

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
Tá an t-aistriú glas sa tionscal déantúsaíochta ag brath ar mheascán ceart cobhsaí leordhóthanach fuinnimh in-athnuaite a bheith ar fáil le haghaidh leictrithe agus le go n-éireoidh le táirgeadh hidrigine ***glaise***. Tá teicneolaíochtaí stórála á bhforbairt agus tá leas á bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an digitiú go hiomlán. Dá bhrí sin, is mór an gá atá le taighde agus forbairt fós.	Tá an t-aistriú glas sa tionscal déantúsaíochta ag brath ar mheascán ceart cobhsaí leordhóthanach fuinnimh in-athnuaite a bheith ar fáil le haghaidh leictrithe agus le go n-éireoidh le táirgeadh na hidrigine. Tá teicneolaíochtaí stórála á bhforbairt agus tá leas á bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an digitiú go hiomlán. Dá bhrí sin, is mór an gá atá le taighde agus forbairt fós.

Toradh na vótála ar an leasú:

Ar son: 92

In aghaidh: 112

Staonadh: 9

Pointe 4.3.4

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
Níl aon amhras ná go gcuirfidh an hidrigin ***ghlas*** le slándáil an chórais fuinnimh Eorpaigh san am atá romhainn. Tagraíonn CESE don tuairim uaidh maidir leis an straitéis hidrigine ([1]) agus don tuairim uaidh maidir leis an straitéis maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh ([2]). ([1]) IO C 123, 9.4.2021, lgh. 30. ([2]) IO C 123, 9.4.2021, lgh. 22.	Níl aon amhras ach go gcuirfidh an hidrigin le slándáil an chórais fuinnimh Eorpaigh san am atá romhainn. Tagraíonn CESE don tuairim uaidh maidir leis an straitéis hidrigine ([1]) agus don tuairim uaidh maidir leis an straitéis maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh ([2]). ([1]) IO C 123, 9.4.2021, lgh. 30. ([2]) IO C 123, 9.4.2021, lgh. 22.

Toradh na vótála ar an leasú:

Ar son: 92

In aghaidh: 112

Staonadh: 9

Pointe 1.4

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
Ní mór an acmhainn atá ag an Eoraip i réimse an fhuinnimh inathnuaite a shainaithint go cruinn, agus ní mór an acmhainn sin a fhógairt do chách d'fhonn tuiscint a chur chun cinn faoin neamhspleáchas mór ar allmhairí fuinnimh is féidir a bhaint amach. Thar aon ní eile, ní mór leictriú na n-earnálacha teasa agus iompair agus an gá atá le hidrigin ***ghlas*** a tháirgtear sa bhaile a chur san áireamh.	Ní mór an acmhainn atá ag an Eoraip i réimse an fhuinnimh inathnuaite a shainaithint go cruinn, agus ní mór an acmhainn sin a fhógairt do chách d'fhonn tuiscint a chur chun cinn faoin neamhspleáchas mór ar allmhairí fuinnimh is féidir a bhaint amach. Thar aon ní eile, ní mór leictriú na n-earnálacha teasa agus iompair agus an gá atá le hidrigin a tháirgtear sa bhaile a chur san áireamh.

Toradh na vótála ar an leasú:

Ar son: 92

In aghaidh: 112

Staonadh: 9

Pointe 1.6

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
San am céanna, beidh gá le bearta gearrthéarmacha, agus le bearta meántéarmacha b'fhéidir, chun an soláthar fuinnimh ón Rúis atá á cheilt orainn a chúiteamh. Beart amháin den sórt sin is ea allmhairí GNL. Measann CESE, áfach, gur tábhachtach an rud nach gcruthódh sin spleáchas nua ar bhreoslaí iontaise go fadtéarmach. Sin rud nach mór a chur san áireamh i dtús na timthrialla infheistíochta. Ar an iomlán, ***ní hé*** an aidhm atá ann ***malairt spleáchais a chothú, ach*** an leibhéal "uathriail straitéiseach" is airde is féidir a bhaint amach.	San am céanna, beidh gá le bearta gearrthéarmacha, agus le bearta meántéarmacha b'fhéidir, chun an soláthar fuinnimh ón Rúis atá á cheilt orainn a chúiteamh. Beart amháin den sórt sin is ea allmhairí GNL. Measann CESE, áfach, gur tábhachtach an rud nach gcruthódh sin spleáchas nua ar bhreoslaí iontaise go fadtéarmach. Sin rud nach mór a chur san áireamh i dtús na timthrialla infheistíochta. Ar an iomlán, ***is é*** an aidhm atá ann ***na foinsí a éagsúlú agus san am céanna an spleáchas mór ar an aon allmhaireoir amháin a laghdú chun*** an leibhéal "uathriail straitéiseach" ***oscailte*** is airde is féidir a bhaint amach.

Toradh na vótála ar an leasú:

Ar son: 77

In aghaidh: 113

Staonadh: 14